Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Iúil 2024
(OR. en)

12285/24
PV CONS 41
AGRI 571
PECHE 293

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

(**Talmhaíocht** agus **Iascach**)

15 Iúil 2024

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 11961/24.

**2. Formheas na míreanna 'A'**

**Liosta neamhreachtach** 12053/24

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.
Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis na míreanna sin san Aguisín.

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

**3. Clár Oibre na hUachtaránachta**
*Cur i láthair ón Uachtaránacht*

Thíolaic an Cathaoirleach clár oibre Uachtaránacht na hUngáire a mhéid a bhaineann leis na hearnálacha talmhaíochta agus iascaigh.

TALMHAÍOCHT

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

4. Inmharthanacht na gceantar tuaithe – athnuachan glúine agus gnéithe déimeagrafacha 12040/24
*Seisiún tuairimíochta*

5. Saincheisteanna talmhaíochta a bhaineann le trádáil 12156/24
*Faisnéis ón gCoimisiún*
*Seisiún tuairimíochta*

**<u>Aon ghnó eile</u>**

**6.** <u>Talmhaíocht</u>

(a) **Talmhaíocht agus Foraoiseacht na hEorpa: cnámh droma d'Aontas atá iomaíoch, ceannasach agus rathúil** 12116/24
*Faisnéis ón Ostair, le tacaíocht ón tSeicia, ón bhFionlainn, ón nGréig, ón Liotuáin, ón bPolainn agus ón tSlóvaic*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis ón Ostair chomh maith le barúlacha na dtoscaireachtaí agus an Choimisiúin.

(b) **Torthaí an Fhóraim Beartais maidir le Taighde agus Nuálaíocht a Chur Chun Cinn i Lár agus in Oirthear na hEorpa laistigh den Chreat um Bainistiú Inbhuanaithe Acmhainní Nádúrtha, Slándáil Córas Bia, agus Forbairt Beartas Bithmhonaraíochta (an Bhruiséil, an 4 Iúil 2024)** 12036/24
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir le torthaí an Fhóraim Beartais maidir le Taighde agus Nuálaíocht a Chur Chun Cinn i Lár agus in Oirthear na hEorpa laistigh den Chreat um Bainistiú Inbhuanaithe Acmhainní Nádúrtha, Slándáil Córas Bia, agus Forbairt Beartas Bithmhonaraíochta, agus a chuir an Pholainn ar fáil maidir leis an Dearbhú Comhpháirteach gaolmhar ó na hAirí Talmhaíochta agus ó na hAirí Taighde ó Bhallstáit Thionscnamh BIOEAST. Thug sí dá haire freisin barúlacha an Choimisiúin agus na dtoscaireachtaí eile.

(c) **Dearbhú Comhpháirteach ó na hAirí Talmhaíochta agus ó na hAirí Taighde ó Bhallstáit Thionscnamh BIOEAST** 12133/24
*Faisnéis ón bPolainn, thar ceann na Bulgáire, na Cróite, na Seicia, na hEastóine, na hUngáire, na Laitvia, na Polainne, na Rómáine, na Slóvaice agus na Slóivéine*

Pléadh mír 6 (b) agus mír 6 (c) le chéile.

**(d) Feabhsuithe is gá maidir le comhchuibhiú critéar le haghaidh bhainistiú na gclár Eorpach maidir le táirgí talmhaíochta a chur chun cinn** [2] 12153/1/24 REV 1

*Faisnéis ón Spáinn, le tacaíocht ón mBulgáir, ón gCipir, ón tSeicia, ón Iodáil, ón bPolainn agus ón bPortaingéil*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Spáinn ar fáil. Thug sí dá haire freisin barúlacha na dtoscaireachtaí agus an Choimisiúin.

---

[2] Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)